



---

*Uimhir 33 de 1998*

---

**ACHT NA dTITHE (CÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL), 1998**

---

RIAR NA nALT

CUID I

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal, comhlua, forléiriú agus tosach feidhme.
2. Léiriú.
3. Caiteachais.
4. Ordacháin.

CUID II

CLÁR CÓIRÍOCHTA DON LUCHT SIÚIL

5. Údarás tithíochta iomchuí.
6. Measúnacht ar riachtanais chóiríochta.
7. Clár cóiríochta.
8. Fógra i dtaobh cláir cóiríochta a thabhairt do chomhlachtaí áirithe.
9. Fógra i dtaobh cláir cóiríochta a fhoilsiú.
10. Clár cóiríochta a ullmhú.
11. Tuarascáil ón mbainisteoir.
12. Clár cóiríochta a chur faoi bhráid údaráis tithíochta iomchuí.
13. Cruinniú a chur ar atráth.
14. An bainisteoir do ghlacadh clár cóiríochta.
15. Clár cóiríochta a fhoilsiú.
16. Clár cóiríochta a chur i ngníomh.
17. Clár cóiríochta a athbhreithniú, a leasú agus a athsholáthar.

[Uimh. 33.] *Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil)*, 1998. [1998.]

Alt

18. An tAire agus cláir chóiríochta a ghlacadh.
19. An Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil.
20. Comhaltas an Choiste Chomhairligh Náisiúnta.
21. An coiste comhairleach áitiúil um chóiríocht don lucht siúil.
22. Comhaltas an choiste chomhairligh áitiúil.
23. Cóiríocht a chur ar fáil don lucht siúil i gcoitinne.

CUID III

ILGHNÉITHEACH

24. Éigeandáil.
25. Iasachtaí le haghaidh carbhán nó láithreán.
26. Leasú ar alt 19 d'Acht 1963.
27. Forálacha d'fhorlíonadh *alt 26*.
28. Leasú ar alt 3 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1979.
29. Leasú ar alt 13 d'Acht 1988.
30. Leasú ar alt 15 d'Acht 1988.
31. Leasú ar alt 50 den Acht Rialtais Áitiúil, 1991.
32. Leasú ar alt 10 d'Acht 1992.
33. Leasú ar alt 34 d'Acht 1992.
34. Leasú ar alt 1 d'Acht 1997.
35. Leasú ar Acht 1997.
36. Leasuithe ilghnéitheacha ar Acht 1997.

[1998.] *Acht na dTithe (Cóiríocht don [Uimh. 33.]  
Lucht Siúil), 1998.*

NA hACHTANNA DÁ dTAGRÁITEAR

An tAcht um Bainistí Chathrach agus Contae (Leasú), 1955	1955, Uimh. 12
Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956	1956, Uimh. 46
Na hAchtanna um Bainistí Chontae, 1940 go 1994	
Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1979	1979, Uimh. 27
Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992	1992, Uimh. 18
Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997	1997, Uimh. 21
Acht na dTithe, 1988	1988, Uimh. 28
Achtanna na dTithe, 1966 go 1997	
An tAcht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963	1963, Uimh. 28
An tAcht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1976	1976, Uimh. 20
Na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963 go 1998	
An tAcht Rialtais Áitiúil, 1991	1991, Uimh. 11





---

*Uimhir 33 de 1998*

---

## **ACHT NA dTITHE (CÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL), 1998**

*[An tionú oifigiúil]*

---

ACHT DO LEASÚ AGUS DO LEATHNÚ ACHTANNA NA dTITHE, 1966 GO 1997, NA nACHTANNA RIALTAIS ÁITIÚIL (PLEANÁIL AGUS FORBAIRT), 1963 GO 1998, AN ACHTA RIALTAIS ÁITIÚIL, 1991, DO DHÉANAMH SOLÁTHAIR LE hAGHAIDH RIACHTANAIS CHÓIRÍOCHTA AN LUCHT SIÚIL, DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE COISTE COMHAIRLEACH NÁISIÚNTA UM CHÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL AGUS COISTÍ COMHAIRLEACHA ÁITIÚLA UM CHÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL A CHEAPADH AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA. [13 *Iúil*, 1998]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

### **CUID I**

#### **RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA**

**1.—**(1) Féadfar Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998, a ghairm den Acht seo.

Gearrtheideal, comhlua, forléiriú agus tosach feidhme.

(2) Féadfar Achtanna na dTithe, 1966 go 1998, a ghairm d'Achtanna na dTithe, 1966 go 1997, agus den Acht seo, seachas *ailt 26* agus *27*, le chéile, agus forléireofar le chéile iad mar aon Acht amháin.

(3) Féadfar na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963 go 1998, a ghairm de na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963 go 1998, agus *d'ailt 26* agus *27*, le chéile, agus forléireofar le chéile iad mar aon Acht amháin.

(4) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a shocrófar chuige sin le hordú nó le horduithe ón Aire, i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a shocrú amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla.

**2.—**(1) San Acht seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs Léiriú. a mhalairt—

forléireofar “clár cóiríochta” de réir *alt 7*;

[Uimh. 33.] *Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil)*, 1998.]

Cd.I A.2

ciallaíonn “Acht 1963” an tAcht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1963;

ciallaíonn “Acht 1988” Acht na dTithe, 1988;

ciallaíonn “Acht 1992” Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992;

ciallaíonn “Acht 1997” Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997;

folaíonn “comhlacht” eagraíocht, comhlacht arna bhunú le reacht, comhlacht corpraithe (cibé acu ilchorparáid nó corparáid aonair é) agus comhlacht neamhchorpraithe daoine;

folaíonn “feidhmeanna” cumhachtaí agus dualgais agus folaíonn tagairt do chomhlíonadh feidhmeanna, maidir le cumhachtaí agus dualgais, tagairt d’fheidmiú cumhachtaí agus do chomhall dualgais;

tá le “údarás tithíochta”, ach amháin i gcomhthéacs údaráis tithíochta iomchuí, an bhrí a shanntar dó le halt 1(1) d’Acht 1992;

ciallaíonn “coiste comhairleach áitiúil” coiste arna cheapadh faoi *alt 21*;

ciallaíonn “bainisteoir”—

(a) maidir le bardas contaebhuirge, an bainisteoir chun críche na nAchtanna a bhaineann le bainistí na contaebhuirge, agus

(b) maidir le comhairle contae, le bardas buirge nó le comhairle cheantair uirbigh, an bainisteoir chun críocha na nAchtanna um Bainistí Chontae, 1940 go 1994;

ciallaíonn “an tAire” an tAire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil;

ciallaíonn “Coiste Comhairleach Náisiúnta” an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil arna cheapadh faoi *alt 19*;

tá le “údarás tithíochta iomchuí” an bhrí a shanntar dó le *halt 5*;

ciallaíonn “láithreán”—

(a) láithreán a bhfuil feidhm ag alt 13 d’Acht 1988 (arna leasú leis an Acht seo) maidir leis,

(b) láithreán arna sholáthar nó arna bhainistí faoi alt 6 d’Acht 1992, nó

(c) aon láithreán eile le haghaidh carbhán don lucht siúil arna sholáthar nó arna bhainistí le cúnaimh údaráis tithíochta nó dá uireasa;

ciallaíonn “duine den lucht siúil” duine a bhfuil feidhm ag alt 13 d’Acht 1988 (arna leasú leis an Acht seo) maidir leis nó léi.

(2) San Acht seo, aon tagairt d’alt nó do Chuid is tagairt í d’alt nó do Chuid den Acht seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d’achtachán éigin eile atá beartaithe.

(3) San Acht seo, aon tagairt d'fho-alt nó do mhír is tagairt í don fho-alt nó don mhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'fhoráil éigin eile atá beartaithe. Cd.I A.2

(4) Aon tagairt san Acht seo d'achtachán forléireofar í mar thagairt don achtachán sin arna leasú, arna oiriúnú nó arna leathnú le haon achtachán ina dhiaidh sin nó faoi (lena n-áirítear an tAcht seo).

3.—Déanfar aon chaiteachais a thabhoídh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas. Caiteachais.

4.—Féadfaidh an tAire, le hordachán, ordachán ón Aire faoin Acht seo (lena n-áirítear ordachán faoin alt seo) a leasú nó a chúlghairm. Ordacháin.

## CUID II

### CLÁR CÓIRÍOCHTA DON LUCHT SIÚIL

5.—(1) Sa Chuid seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt— Údarás tithíochta iomchuí.

ciallaíonn “údarás tithíochta iomchuí”—

- (a) i gcás ceantair sláinte contae, comhairle an chontae ina bhfuil an ceantar sláinte contae sin suite,
- (b) i gcás contaebhuirge, bardas na contaebhuirge,
- (c) i gcás buirge, bardas na buirge,
- (d) i gcás cheantair uirbeacha Bhré agus Dhún Dealgan, comhairlí faoi seach na gceantar uirbeach sin, agus
- (e) i gcás aon cheantair uirbigh eile, comhairle an chontae ina bhfuil an ceantar uirbeach suite,

agus déanfar tagairtí do limistéar feidhme údaráis tithíochta iomchuí a fhorléiriú dá réir sin.

(2) Beidh feidhm ag alt 23(3) d'Acht 1992 maidir le feidhm de chuid údaráis tithíochta iomchuí faoin Acht seo sa tslí chéanna a bhfuil feidhm aige maidir le húdarás tithíochta.

6.—(1) Déanfaidh údarás tithíochta iomchuí, le linn dóibh measúnacht a dhéanamh faoi alt 9 d'Acht 1988, de bhreis ar an measúnacht sin agus ag cibé tráthanna eile a shonróidh an tAire le hordachán, measúnacht ar an ngá atá le láithreáin sa limistéar feidhme lena mbaineann. Measúnacht ar riachtanais chóiríochta.

(2) Faoi réir *fho-ailt* (3) agus (4), beidh feidhm ag alt 9 d'Acht 1988, fara aon mhodhnuithe is gá, maidir le measúnacht faoin Acht seo.

(3) Chomh maith le fógra a thabhairt do na comhlachtaí a shonraítear i míreanna (a) go (c) d'alt 9(4) d'Acht 1988, tabharfaidh

[Uimh. 33.] *Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil)*, 1998.]

Cd. II A.6

údarás tithíochta iomchuí fógra don choiste comhairleach áitiúil á rá go bhfuil ar intinn acu measúnacht a dhéanamh faoin alt seo.

(4) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, déanfaidh údarás tithíochta iomchuí, le linn dóibh measúnacht a dhéanamh, aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas—

(a) an meastachán ar an lucht siúil dá dtagraítear i *bhfo-alt (5)*,

(b) an gá atá le láithreáin le saoráidí teoranta dá dtagraítear in alt 13 d'Acht 1988 (arna leasú leis an Acht seo) i ndáil le patrúin bhliantúla ghluaiseachta an lucht siúil, seachas mar ghnáth-áit chónaithe dóibh, agus

(c) tuairimí, más ann, an choiste chomhairligh áitiúil lena mbaineann.

(5) Déanfaidh údarás tithíochta iomchuí meastachán ar líon na dteaghlach agus na líonta tí den lucht siúil a mbeidh cóiríocht ag teastáil dóibh laistigh den limistéar feidhme do thréimhse a shonróidh an tAire le hordachán.

(6) Déanfaidh údarás tithíochta arb é atá ann comhairle ceantair uirbigh (seachas Comhairle Cheantar Uirbeach Bhré agus Comhairle Cheantar Uirbeach Dhún Dealgan), i ndáil le measúnacht arna déanamh acu faoi alt 9 d'Acht 1988, cibé faisnéis maidir leis an lucht siúil, a shonróidh an tAire le hordachán, a chur ar fáil ón measúnacht do chomhairle an chontae ina bhfuil an ceantar uirbeach suite agus cuirfean an fhaisnéis sin ar fáil laistigh de thréimhse a shonróidh an tAire le hordachán.

(7) Déanfaidh údarás tithíochta iomchuí, le linn dóibh measúnacht a dhéanamh faoi alt 9 d'Acht 1988—

(a) a chur in iúl don choiste comhairleach áitiúil go bhfuil ar intinn acu an mheasúnacht a dhéanamh faoin alt sin, agus

(b) aird a thabhairt ar na nithe a shonraítear i *míreanna (a)* agus *(c) d'fho-alt (4)*.

Clár cóiríochta.

7.—(1) Glacfaidh údarás tithíochta iomchuí clár cóiríochta maidir lena limistéar feidhme tráth nach déanaí ná an dáta a shonróidh an tAire, nó laistigh de 21 lá ón dáta sin mar a fhoráiltear faoi *alt 13*, agus sonróidh siad sa chlár cóiríochta sin riachtanais chóiríochta an lucht siúil agus an soláthar cóiríochta is gá chun freastal ar na riachtanais sin don tréimhse a shonraítear in *alt 10(1)*.

(2) Féadfaidh údarás tithíochta iomchuí clár cóiríochta a ghlacadh in éineacht le húdarás tithíochta iomchuí amháin nó níos mó do limistéir feidhme na n-údarás tithíochta iomchuí lena mbaineann agus beidh feidhm ag *fo-ailt (1)* agus *(3)* agus ag *ailt 8* go *15* maidir le glacadh den sórt sin.

(3) Is feidhm fhorchoimeáda é údarás tithíochta iomchuí do ghlacadh cláir cóiríochta nó do leasú nó d'athsholáthar an chláir cóiríochta.

(4) Sonróidh an tAire dáta faoina nglacfaidh údarás tithíochta iomchuí clár cóiríochta.



8.—Sula ndéanfaidh údarás tithíochta iomchuí dréacht de chlár cóiríochta nó, más cuí, dréacht de leasú nó d'athsholáthar ar an gclár cóiríochta a ullmhú, tabharfaidh siad fógra i scríbhinn á rá go bhfuil ar intinn acu déanamh amhlaidh—

CD.II

Fógra i dtaobh cláir cóiríochta a thabhairt do chomhlachtaí áirithe.

- (a) d'aon údarás tithíochta iomchuí, i gcás limistéar feidhme an údaráis tithíochta iomchuí sin a bheith tadhlaigh le limistéar feidhme an údaráis tithíochta iomchuí atá ag ullmhú, ag leasú nó ag athsholáthar an chláir cóiríochta,
- (b) do chomhairle cheantair uirbigh nach údarás tithíochta iomchuí í, i gcás limistéar feidhme na comhairle ceantair uirbigh sin a bheith laistigh de limistéar feidhme, nó tadhlaigh le limistéar feidhme, an údaráis tithíochta iomchuí atá ag ullmhú, ag leasú nó ag athsholáthar an chláir cóiríochta,
- (c) do bhord sláinte, i gcás go gcuimsíonn limistéar feidhme an bhoird sláinte sin limistéar feidhme an údaráis tithíochta iomchuí atá ag ullmhú, ag leasú nó ag athsholáthar an chláir cóiríochta, nó i gcás go bhfuil sé tadhlaigh leis,
- (d) don choiste comhairleach áitiúil lena mbaineann,
- (e) do cibé comhlachtaí áitiúla pobail is cuí leis an údarás tithíochta iomchuí, agus
- (f) do cibé comhlacht eile is cuí leis an údarás tithíochta iomchuí lena mbaineann, ag féachaint do na himthosca go léir, lena n-áirítear comhlachtaí saorálacha nó comhlachtaí neamh-bhrabúsacha atá ag gabháil do chóiríocht, dídean agus leas, nó d'aon cheann acu, a sholáthar sa limistéar feidhme lena mbaineann.

9.—(1) Déanfaidh údarás tithíochta iomchuí, i cibé foirm a ordóidh an tAire, fógra a fhoilsiú i nuachtán amháin ar a laghad a scaiptear i limistéar feidhme an údaráis tithíochta iomchuí sin á rá—

Fógra i dtaobh cláir cóiríochta a fhoilsiú.

- (a) go mbeartaíonn siad clár cóiríochta a ghlacadh, a leasú nó a athsholáthar,
- (b) go bhfuil dréacht den chlár cóiríochta, nó dréacht den leasú nó den athsholáthar air, ar fáil lena iniúchadh ag tráthanna sonrath le linn tréimhse sonrath in oifigí an údaráis tithíochta iomchuí nó i cibé oifig eile a shonrófar, agus
- (c) go dtabharfar aird ar aon aighneachtaí i scríbhinn a bheidh faighte ag an údarás tithíochta iomchuí i ndáil leis an dréacht-chlár cóiríochta, nó leis an dréacht den leasú nó den athsholáthar air, laistigh de 2 mhí ó fhoilsiú an fhógra.

(2) Laistigh de sheacht lá ó dháta foilsithe an fhógra faoi *fho-alt* (1) déanfaidh an t-údarás tithíochta iomchuí—

- (a) cóip den fhógra agus den dréacht den chlár cóiríochta, nó den dréacht den leasú nó den athsholáthar air, a chur chuig na comhlachtaí ar tugadh fógra dóibh faoi *alt 8*, agus

Cd. II A.9

(b) socruithe a dhéanamh chun cóip den fhógra a chur ar taispeáint i cibé oifigí de chuid an údaráis tithíochta iomchuí a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, is cuí leis an údarás tithíochta iomchuí.

(3) Cuirfidh údarás tithíochta iomchuí an dréacht-chlár cóiríochta, nó an dréacht den leasú nó den athsholáthar air, ar fáil lena iniúchadh ag an tráth agus le linn na tréimhse a shonraítear de bhun *fho-alt (1)*.

Clár cóiríochta a ullmhú.

**10.**—(1) Déanfaidh údarás tithíochta iomchuí clár cóiríochta a ullmhú i leith tréimhse 5 bliana dar tosach dáta a shonróidh an tAire le hordachán agus beidh an clár sin i cibé foirm, agus beidh cibé faisnéis ann, a ordóidh an tAire agus ina dhiaidh sin déanfar é a ullmhú i leith gach tréimhse 5 bliana dá éis sin nó i leith gach tréimhse den sórt sin is giorra ná sin a ordóidh an tAire, agus glacfaidh an t-údarás tithíochta iomchuí é faoi cibé dáta a ordóidh an tAire nó de réir *alt 17*.

(2) Le linn d'údarás tithíochta iomchuí clár cóiríochta nó athsholáthar air a ullmhú, déanfaidh siad na nithe seo a leanas—

(a) áireoidh siad ann an mheasúnacht is déanaí a rinne an t-údarás tithíochta iomchuí sin faoi *alt 6* agus aon sonraí maidir le riachtanais chóiríochta an lucht siúil i measúnachtaí a rinneadh faoi *alt 9* d'Acht 1988,

(b) áireoidh siad ann cibé sonraí i ndáil leis an lucht siúil a ordóidh an tAire agus atá sa mheasúnacht is déanaí a rinne údarás tithíochta faoi *alt 9* d'Acht 1988, nó, i gcás go mbeidh an t-údarás tithíochta iomchuí ag ullmhú clár cóiríochta den chéad uair, cibé sonraí a ordóidh an tAire maidir leis na riachtanais atá ag an lucht siúil le haghaidh cóiríochta i láithreáin a bheidh ar fáil don údarás tithíochta iomchuí nó is féidir leo a fháil,

(c) áireoidh siad ann ráiteas beartais an údaráis tithíochta iomchuí lena mbaineann i ndáil le freastal ar riachtanais chóiríochta an lucht siúil, lena n-áirítear na riachtanais chóiríochta dá dtagraítear i *míreanna (a)* agus *(b)*,

(d) sonróidh siad ann straitéis an údaráis tithíochta iomchuí lena mbaineann chun a áirithiú go gcuirfear an clár cóiríochta i ngníomh,

(e) áireoidh siad ann bearta a bheidh le cur i ngníomh ag an údarás tithíochta iomchuí lena mbaineann nó, de réir mar a bheidh, ag aon údarás tithíochta eile—

(i) i ndáil leis an réimse cóiríochta a sholáthar is gá chun freastal ar riachtanais chóiríochta a bheidh aitheanta,

(ii) i ndáil le cúnaimh a sholáthar don lucht siúil chun cóiríocht a sholáthar dá n-úsáid féin,

(iii) i ndáil le cúnaimh a sholáthar do chomhlacht atá arna cheadú faoi *alt 6* d'Acht 1992 i leith cóiríocht don lucht siúil a sholáthar nó a bhainistí, agus

(iv) i ndáil le bainistí chuí na cóiríochta sin don lucht siúil, lena n-áirítear cúnaimh faoi chomhair na bainistí sin, agus

(f) áireoidh siad ann aon nithe eile a shonrófar in ordacháin a Cd. II A.10 eiseoidh an tAire ó am go ham.

(3) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, le linn d'údarás tithíochta iomchuí clár cóiríochta a ullmhú, beidh aird acu ar na nithe seo a leanas—

(a) na riachtanais a bheidh aitheanta faoi *mhíreanna (a)* agus *(b) d'fho-alt (2)* agus aon ní a shonrófar faoi *mhír (f) d'fho-alt (2)*,

(b) riachtanais ar leithligh agus dálaí teaghlaigh an lucht siúil,

(c) láithreáin a sholáthar chun freastal ar riachtanais chóiríochta an lucht siúil seachas mar ghnáth-áit chónaithe dóibh agus sin ag féachaint do phatrúin bhliantúla ghluaiseachta an lucht siúil, agus

(d) cibé nithe eile a shonróidh an tAire le hordachán ó am go ham.

(4) Féadfaidh údarás tithíochta iomchuí, tar éis dóibh na haighneachtaí a bheidh faighte de réir *alt 9(1)(c)* a bhreithniú, cibé athruithe a dhéanamh ar an dréacht den chlár cóiríochta arna fhoilsiú de réir *alt 9(1)* nó, más cuí, ar an dréacht den leasú nó den athsholáthar ar an gclár cóiríochta, is cuí leis an údarás tithíochta iomchuí.

**11.**—Déanfaidh bainisteoir údarás tithíochta iomchuí, a luaithe is féidir tar éis an dáta faoina bhfuil na haighneachtaí dá dtagraítear in *alt 9(1)(c)* le bheith faighte, tuarascáil a ullmhú ar na haighneachtaí a bheidh faighte de réir an ailt sin—

Tuarascáil ón mbainisteoir.

(a) ina mbeidh achoimre ar na nithe atá sna haighneachtaí sin,

(b) ina sonrófar ainmneacha na ndaoine a rinne na haighneachtaí sin,

(c) ina sonrófar freagra an údarás tithíochta iomchuí lena mbaineann ar na haighneachtaí sin, agus

(d) ina gcuirfear in iúl cibé acu atá sé beartaithe dul ar aghaidh leis an dréacht den chlár cóiríochta nó den leasú nó den athsholáthar air, nó dul ar aghaidh leis an dréacht arna athrú nó arna mhodhnú ar dhóigh a bheidh curtha in iúl sa tuarascáil, nó gan dul ar aghaidh leis an dréacht-chlár cóiríochta sin.

**12.**—Déanfaidh bainisteoir údarás tithíochta iomchuí an dréacht-chlár cóiríochta, nó an dréacht de leasú nó d'athsholáthar air, agus an tuarascáil dá dtagraítear in *alt 11* a chur faoi bhráid chomhaltaí an údarás tithíochta iomchuí tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh an dáta a shonróidh an tAire le haghaidh a ghlactha faoi *alt 7* nó *10*, nó, más cuí, an dáta dá dtagraítear in *alt 17* nó *18*, agus déanfaidh an t-údarás tithíochta iomchuí, a luaithe is féidir tar éis iad a bheith curtha faoina mbráid, cóip den dréacht sin a thabhairt do na comhlachtaí ar tugadh fógra dóibh faoi *alt 8*.

Clár cóiríochta a chur faoi bhráid údarás tithíochta iomchuí.

**13.**—(1) Féadfaidh údarás tithíochta iomchuí, faoi réir *fho-alt (2)*, cruinniú den údarás tithíochta iomchuí sin, ag a mbeidh breithniú á

Cruinniú a chur ar atráth.

[Uimh. 33.] *Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil)*, 1998.

Cd. II A.13

dhéanamh ar an tairiscint chun an clár cóiríochta a ghlacadh, a leasú nó a athsholáthar, a chur ar atráth ó am go ham.

(2) Ní dhéanfaidh údarás tithíochta iomchuí cruinniú dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a chur ar atráth más ar lá is déanaí ná 21 lá tar éis an dáta a shonraítear le haghaidh an ghlactha faoi *alt 7* nó *10*, nó, más cuí, tar éis an dáta dá dtagraítear in *alt 17* nó *18*, a bheidh an t-atráth sin.

An bainisteoir do ghlacadh clár cóiríochta.

**14.**—I gcás ina mainneoidh údarás tithíochta iomchuí clár cóiríochta, nó leasú nó athsholáthar air, a ghlacadh faoin dáta a shonraítear le haghaidh an ghlactha sin faoi *alt 7* nó *10*, nó, más cuí, faoin dáta dá dtagraítear in *alt 17* nó *18*, nó laistigh den tréimhse 21 lá ón dáta sin dá dtagraítear in *alt 13*, glacfaidh an bainisteoir, le hordú, an dréacht-chlár cóiríochta, nó an leasú nó an t-athsholáthar air, a cuireadh faoina mbráid de réir *alt 12*, laistigh de mhí amháin ón dáta lena mbaineann, faoi réir aon mhodhnuithe is cuí i dtuairim an bhainisteora.

Clár cóiríochta a fhoilsiú.

**15.**—A luaithe is féidir tar éis clár cóiríochta, nó leasú nó athsholáthar air, a ghlacadh déanfaidh an t-údarás tithíochta iomchuí—

(a) fógra a fhoilsiú i nuachtán amháin ar a laghad a scaiptear sa limistéar feidhme lena mbaineann á rá—

(i) go bhfuiltear tar éis an clár cóiríochta, nó an leasú nó an t-athsholáthar air, a ghlacadh,

(ii) cé na tráthanna ag ar féidir, cén tréimhse inar féidir agus cén áit inar féidir cóip den chlár cóiríochta, nó den leasú nó den athsholáthar air, a iniúchadh, agus

(iii) gur féidir cóip den chlár cóiríochta, nó den leasú nó den athsholáthar air, nó cóip de shliocht as an gcéanna, a cheannach ar tháille a íoc nach mó ná na costais réasúnacha a ghabhann leis an gcóip sin a dhéanamh,

(b) socrúithe a dhéanamh chun cóip den fhógra arna fhoilsiú faoi *mhír (a)* a chur ar taispeáint i cibé oifigí de chuid an údaráis tithíochta iomchuí, a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, is cuí leis an údarás tithíochta iomchuí, agus

(c) cóip den chlár cóiríochta, nó den leasú nó den athsholáthar air, a thabhairt—

(i) do chomhaltaí an údaráis tithíochta iomchuí,

(ii) don Aire, agus

(iii) do na comhlachtaí ar tugadh fógra dóibh faoi *alt 8*.

Clár cóiríochta a chur i ngníomh.

**16.**—(1) Déanfaidh údarás tithíochta iomchuí, le linn dóibh a áirithiú go gcuirfear clár cóiríochta nó leasú nó athsholáthar ar chlár cóiríochta i ngníomh, aon bhearta réasúnacha is gá chun é a chur i ngníomh.

(2) Déanfaidh údarás tithíochta, seachas údarás tithíochta iomchuí, cibé bearta is gá chun tograí a chur i ngníomh do limistéar

feidhme an údaráis tithíochta sin ar tograí iad a bheidh sonraithe i gclár cóiríochta, nó i leasú nó in athsholáthar air, a bheidh glactha ag an údarás tithíochta iomchuí nó faoi *alt 14* do limistéar feidhme an údaráis tithíochta iomchuí sin ar laistigh de atá an t-údarás tithíochta sin suite. Cd. II A.16

(3) Le linn d'údarás tithíochta, seachas údarás tithíochta iomchuí, feidhm a chomhlíonadh i ndáil le cóiríocht a chur ar fáil don lucht siúil, beidh aird acu ar fhorálacha an chláir cóiríochta, nó ar leasú nó ar athsholáthar air, a bheidh glactha ag an údarás tithíochta iomchuí nó faoi *alt 14* do limistéar feidhme an údaráis tithíochta iomchuí sin ar laistigh de atá an t-údarás tithíochta sin suite.

**17.—(1)** Maidir le húdarás tithíochta iomchuí—

Clár cóiríochta a athbhreithniú, a leasú agus a athsholáthar.

- (a) déanfaidh siad clár cóiríochta a athbhreithniú uair amháin ar a laghad i ngach tréimhse 3 bliana nó cibé tráth a shonróidh an tAire le hordachán ó am go ham, agus
- (b) féadfaidh siad clár cóiríochta a athbhreithniú tráth ar bith le linn na tréimhse lena mbaineann an clár cóiríochta áirithe.

(2) Féadfaidh údarás tithíochta iomchuí clár cóiríochta a leasú nó a athsholáthar tráth ar bith nó tar éis athbhreithniú faoi *fho-alt (1)*.

(3) I gcás ina mbeartaíonn údarás tithíochta iomchuí clár cóiríochta a leasú nó a athsholáthar, beidh dáta glactha an leasaithe nó an athsholáthair 7 mí tar éis fhoilsiú an fhógra faoi *alt 9*.

**18.—(1)** Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis na húdaráis tithíochta iomchuí lena mbaineann—

An tAire agus cláir chóiríochta a ghlacadh.

- (a) a cheangal ar 2 údarás tithíochta iomchuí nó níos mó clár cóiríochta a ullmhú i gcomhpháirt agus é a ghlacadh faoi dháta a shonróidh an tAire, agus
- (b) a cheangal, i gcás go bhfuil clár cóiríochta á ullmhú de réir *alt 7(2)*, go ndéanfaidh na húdaráis tithíochta iomchuí lena mbaineann an t-ullmhú agus an glacadh sin a chomhordú ar dhóigh, i ndáil le cibé nithe agus faoi dháta a shonróidh an tAire,

agus déanfaidh na húdaráis tithíochta iomchuí lena mbaineann aon cheanglas den sórt sin a chomhlíonadh.

(2) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle le húdarás tithíochta iomchuí, a cheangal ar an údarás tithíochta iomchuí sin clár cóiríochta a leasú nó a athsholáthar ar dhóigh agus faoi dháta a shonróidh an tAire agus déanfaidh an t-údarás tithíochta iomchuí lena mbaineann aon cheanglas den sórt sin a chomhlíonadh.

**19.—(1)** Déanfaidh an tAire coiste a cheapadh ar a dtabharfar an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil (dá ngairtear “an Coiste Comhairleach Náisiúnta” san Acht seo) chun comhairle a thabhairt don Aire i ndáil le haon ní ginearálta a bhaineann le cóiríocht don lucht siúil agus le haon ní a tharchuirfidh an tAire chuige.

An Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil.

Cd. II A.19

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfaidh an Coiste Comhairleach Náisiúnta comhairle a thabhairt don Aire—

(a) i ndáil leis na bearta is mo is cuí chun feabhas a chur, ag an leibhéal áitiúil, ar chomhchomhairle leis an lucht siúil agus rannpháirteachas an lucht siúil nuair a bhíonn cóiríocht á cur ar fáil agus á bainistí, agus

(b) i ndáil le nithe ginearálta a bhaineann le hullmhú, le leordhóthanacht, le cur i ngníomh agus le comhordú clár cóiríochta don lucht siúil.

(3) Féadfaidh an tAire cibé tacaíocht rúnaíochta agus riaracháin, cibé comhairle theicniúil agus ghairmiúil agus cibé cúnamh faoi chomhair taighde, is dóigh leis an Aire is gá nó is cuí, a chur ar fáil don Choiste Comhairleach Náisiúnta.

(4) Socróidh an tAire dáta, am agus áit chéadchruinniú an Choiste Chomhairligh Náisiúnta.

(5) Féadfaidh an Coiste Comhairleach Náisiúnta a nós imeachta agus a ghnó féin a rialáil le buan-ordú nó ar shlí eile.

(6) Ní chuirfear imeachtaí an Choiste Chomhairligh Náisiúnta ó bhail de bharr aon fholúntas i measc an chomhaltais.

(7) Déanfaidh an Coiste Comhairleach Náisiúnta, i leith gach bliana agus faoi cibé dáta a ordóidh an tAire, tuarascáil i scríbhinn a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire maidir lena chuid gníomhaíochtaí le linn na bliana sin agus cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna den tuarascáil sin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(8) Féadfaidh an tAire caiteachais an Choiste Chomhairligh Náisiúnta a íoc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Comhaltas an  
Choiste  
Chomhairligh  
Náisiúnta.

**20.**—(1) 12 chomhalta ar a mhéad a bheidh ar an gCoiste Comhairleach Náisiúnta.

(2) Ceapfaidh an tAire cathaoirleach ar an gCoiste Comhairleach Náisiúnta agus—

(a) duine amháin a bheidh ainmnithe don Aire ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí,

(b) duine amháin a bheidh ainmnithe don Aire ag Ardchomhairle na gComhairlí Contae,

(c) duine amháin a bheidh ainmnithe don Aire ag Comhlachas Údarás Bardasach na hÉireann,

(d) 2 dhuine a bheidh ainmnithe don Aire ag Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach,

(e) 3 dhuine a bheidh ainmnithe don Aire ag comhlachtaí atá ionadaitheach don lucht siúil agus a bhfuil baint acu le cóiríocht don lucht siúil de réir mar a chinnfidh an tAire,

(f) duine amháin as measc oifigigh an Aire ar státseirbhíseach bunaithe é nó í chun críocha Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse, 1956, agus

- (g) 2 dhuine a bhfuil, i dtuairim an Aire, taithí acu i ndáil le Cd. II A.20  
cóiríocht don lucht siúil nó a bhfuil baint acu le leas  
ginearálta an lucht siúil,

le bheith ina gcomhaltaí den Choiste Comhairleach Náisiúnta.

(3) Déanfaidh na comhlachtaí dá dtagraítear i *míreanna (b), (c), (d)* agus *(e) d'fho-alt (2)*, nuair a iarrfaidh an tAire orthu é, an líon daoine a shonróidh an tAire a ainmniú lena meas chun a gceaptha ar an gCoiste Comhairleach Náisiúnta agus déanfaidh siad na hainmniúcháin sin de réir aon ordachán a thabharfaidh an tAire ó am go ham, lena n-áirítear aon ordachán i ndáil le cothromaíocht chuí inscne, agus cuirfidh siad in iúl don Aire cé hiad na daoine a ainmneofar amhlaidh.

(4) Ní bheidh téarma oifige comhalta den Choiste Comhairleach Náisiúnta (lena n-áirítear an Cathaoirleach) níos faide ná 3 bliana.

(5) Féadfaidh an tAire comhalta den Choiste Comhairleach Náisiúnta a chur as oifig tráth ar bith más rud é, i dtuairim an Aire, go bhfuil an comhalta tar éis éirí éagumasach, de dheasca easláinte, ar pháirt éifeachtach a ghlacadh in obair an Choiste Chomhairligh Náisiúnta, nó gur mhí-iompair an comhalta é féin nó í féin mar a bheidh sonraithe, nó más dealraitheach don Aire gur gá nó gurb innhianaithe an comhalta sin a chur as oifig le go ndéanfaidh an Coiste Comhairleach Náisiúnta a fheidhmeanna faoi *fho-ailt (1)* agus *(2) d'alt 19* a chomhlíonadh go héifeachtach.

(6) Féadfaidh comhalta den Choiste Comhairleach Náisiúnta éirí as a oifig nó as a hoifig aon tráth trí litir a bheidh dírithe chun an Aire agus beidh éifeacht leis an éirí as ón dáta a bheidh sonrathe inti nó an tráth a gheobhaidh an tAire an litir, cibé acu is déanaí.

(7) Má éagann comhalta den Choiste Comhairleach Náisiúnta, nó má éiríonn comhalta as nó má chuirtear comhalta as oifig, féadfaidh an tAire duine a cheapadh, a bheidh ainmnithe sa tslí chéanna leis an gcomhalta ar tharla an corrfholúntas de bharr é nó í d'fháil bháis, d'éirí as nó a chur as oifig, chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Choiste Comhairleach Náisiúnta chun an corrfholúntas a tharla amhlaidh a líonadh agus beidh duine a cheapfar amhlaidh i seilbh oifige ar feadh a mbeidh fágtha de théarma oifige an chomhalta ar tharla an corrfholúntas de bharr é nó í d'fháil bháis, d'éirí as nó a chur as oifig.

(8) Aon chomhalta den Choiste Comhairleach Náisiúnta a rachaidh a théarma nó a téarma oifige in éag trí imeacht aimsire, lena n-áirítear comhalta a bheidh ceaptha chun corrfholúntas a líonadh de réir *fho-alt (7)*, beidh sé nó sí in-athcheaptha mar chomhalta den Choiste Comhairleach Náisiúnta.

**21.**—(1) Déanfaidh údarás áitiúil (dá ngairtear “údarás ceapacháin” san alt seo agus in *alt 22* ) coiste a cheapadh ar a dtabharfar an coiste comhairleach áitiúil um chóiríocht don lucht siúil (dá ngairtear “coiste comhairleach áitiúil” san Acht seo) chun comhairle a thabhairt maidir le cóiríocht don lucht siúil a chur ar fáil agus a bhainistí.

An coiste  
comhairleach áitiúil  
um chóiríocht don  
lucht siúil.

(2) Gan dochar *d'fho-alt (1)*, féadfaidh coiste comhairleach áitiúil—

- (a) comhairle a thabhairt don údarás ceapacháin lena mbaineann,

[Uimh. 33.] *Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil)*, 1998.]

Cd. II A.21

(b) nuair a iarrfaidh údarás áitiúil seachas an t-údarás ceapacháin lena mbaineann air é, comhairle a thabhairt don údarás áitiúil sin i gcás limistéar feidhme an údaráis áitiúil sin a bheith tadhlaigh le limistéar feidhme an údaráis ceapacháin, agus

(c) i gcás ina mbeidh sé ceaptha ag comhairle contae, comhairle a thabhairt d'aon údarás tithíochta iomchuí i gcás limistéar feidhme an údaráis tithíochta iomchuí sin a bheith laistigh de limistéar riaracháin an chontae lena mbaineann.

(3) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)* nó d'aon fhoráil eile den Acht seo, féadfaidh coiste comhairleach áitiúil—

(a) comhairle a thabhairt i ndáil le hullmhú agus le cur i ngníomh aon chláir cóiríochta do limistéar feidhme an údaráis ceapacháin lena mbaineann,

(b) comhairle a thabhairt maidir le cóiríocht don lucht siúil a bhainistí, agus

(c) idirchaidreamh a chur ar fáil idir an lucht siúil agus comhaltaí agus oifigigh an údaráis ceapacháin lena mbaineann.

(4) Féadfaidh an t-údarás ceapacháin cibé tacaíocht rúnaíochta agus riaracháin, lena n-áirítear caiteachais agus costais eile, a chur ar fáil don choiste comhairleach áitiúil is dóigh leis an údarás ceapacháin sin is gá nó is cuí, ag féachaint d'aon ordacháin arna n-eisiúint ag an Aire.

(5) Féadfaidh an tAire ordacháin a eisiúint chuig údarás ceapacháin i ndáil leis na nithe seo a leanas—

(a) líon agus comhdhéanamh an chomhaltais, lena n-áirítear cothromaíocht chúil inscne,

(b) tréimhse cheapacháin na gcomhaltaí,

(c) téarmaí tagartha an choiste chomhairligh áitiúil, agus

(d) seirbhísí agus tacaíocht,

agus déanfaidh an t-údarás ceapacháin lena mbaineann aon ordacháin den sórt sin a chomhlíonadh.

(6) Ní chuirfear imeachtaí coiste chomhairligh áitiúil ó bhail de bharr aon fholúntas i measc an chomhaltais.

(7) San alt seo agus in *alt 22*, ciallaíonn “údarás áitiúil”—

(a) i gcás contae riaracháin, comhairle an chontae, agus

(b) i gcás contaebhuirge, bardas contaebhuirge,

agus déanfar tagairtí do limistéar feidhme údaráis áitiúil a fhorléiriú dá réir sin.

Comhaltas an  
choiste  
chomhairligh áitiúil.

**22.—(1)** Ceapfaidh údarás ceapacháin, de réir aon ordachán arna n-eisiúint ag an Aire faoi *alt 21(5)*, cathaoirleach ar an gcoiste comhairleach áitiúil agus comhaltas an choiste sin, arb éard a bheidh ann na daoine seo a leanas—



[1998.] *Acht na dTithe (Cóiríocht don [Uimh. 33.] Lucht Siúil)*, 1998.

- (a) comhaltaí de chuid an údaráis ceapacháin lena mbaineann, Cd. II A.22
- (b) oifigigh de chuid an údaráis ceapacháin lena mbaineann,
- (c) ionadaithe don lucht siúil áitiúil agus do chomhlachtaí de chuid an lucht siúil, agus
- (d) i gcás ina mbeidh coiste comhairleach áitiúil ceaptha ag comhairle contae, comhalta amháin ó gach údarás tithíochta iomchuí (más ann) laistigh den chontae riaracháin lena mbaineann,

agus ní mó líon na gcomhaltaí dá dtagraítear i *míreanna (a)* agus *(d)* ná leath chomhaltas an choiste chomhairligh áitiúil agus ní lú líon na n-ionadaithe dá dtagraítear i *mír (c)* ná an ceathrú cuid de chomhaltas an choiste chomhairligh áitiúil.

(2) Féadfaidh coiste comhairleach áitiúil a nós imeachta agus a ghnó féin a rialáil, le buan-ordú nó ar shlí eile.

(3) Is feidhm fhorchoimeáda é ceapachán a dhéanamh faoin alt seo.

**23.**—Ní choisfidh aon ní san Acht seo ar údarás tithíochta cóiríocht don lucht siúil a chur ar fáil, d'ainneoin nach bhfuil clár cóiríochta, a chuimsíonn limistéar feidhme an údaráis tithíochta sin, glactha faoin Acht seo. Cóiríocht a chur ar fáil don lucht siúil i gcoitinne.

### CUID III

#### ILGHNÉITHEACH

**24.**—Ní choisfidh aon ní san Acht seo ar bhainisteoir na cumhachtaí a thugtar do bhainisteoir faoi alt 2(9) den Acht um Bainistí Chathrach agus Contae (Leasú), 1955 (arna leasú le halt 27 d'Acht 1988) a fheidhmiú in éigeandáil. Éigeandáil.

**25.**—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, féadfaidh údarás tithíochta iasacht a thabhairt— Iasachtaí le haghaidh carbhán nó láithreán.

- (a) chun carbhán de réir bhrí alt 13 d'Acht 1988 (arna leasú le halt 29) a fháil nó a dheisiú, nó
- (b) chun talamh a fháil d'fhonn láithreán a chur ar fáil agus aon oibreacha foirgníochta is gá chun na críche sin a dhéanamh.

(2) Déanfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, téarmaí agus coinníollacha a shonrú le haghaidh iasachtaí a thabharfar faoi *fho-alt (1)*.

(3) Beidh feidhm ag fo-ailt (2) go (14) d'alt 11 d'Acht 1992, go feadh cibé méid is cuí agus fara aon mhodhnuithe is gá, maidir le hiasacht a thabharfar faoin alt seo.

[Uimh. 33.] *Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil)*, 1998.]

Cd.III  
Leasú ar alt 19  
d'Acht 1963.

26.—(1) Leasaítear leis seo alt 19 d'Acht 1963 i bhfo-alt (2)—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i mír (a) i ndiaidh fhomhír (v) (a cuireadh isteach le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnáthóga Nádúrtha), 1997 (I.R. Uimh. 94 de 1997)):

“(vi) chun cóiríocht don lucht siúil a sholáthar agus chun limistéir áirithe a úsáid chun na críche sin, agus”,

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i mír (b) i ndiaidh fhomhír (iv) (a cuireadh isteach le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnáthóga Nádúrtha), 1997 (I. R. Uimh. 94 de 1997)):

“(v) chun cóiríocht don lucht siúil a sholáthar agus chun limistéir áirithe a úsáid chun na críche sin.”.

(2) Leasaítear leis seo alt 19 d'Acht 1963 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (9):

“(10) San alt seo tá le ‘duine den lucht siúil’ an bhrí a shanntar dó le *halt 2 d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil)*, 1998.”.

Forálacha  
d'fhorlíonadh alt 26.

27.—(1) Féadfaidh údarás pleanála, le linn dóibh forálacha mhíreanna (a)(vi) (a cuireadh isteach le *halt 26*) agus (b)(v) (a cuireadh isteach le *halt 26*) d'alt 19(2) d'Acht 1963 a chomhlíonadh, na cuspóirí sin a áireamh in athrú ar an bplean forbartha faoi alt 20(1) d'Acht 1963 nó i bplean forbartha nua faoi alt 20(1) d'Acht 1963 (arna leasú le *halt 43(1)(e)* den Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1976) a bhfoilséofar fógra ina leith faoi alt 21(1)(b) d'Acht 1963 tar éis *d'alt 26* teacht i ngníomh.

(2) D'ainneoin fhorálacha alt 39 d'Acht 1963, aon ní a dhéanfaidh údarás tithíochta nó aon ghníomh a chuirfidh údarás tithíochta i gcrích chun clár cóiríochta a chur i ngníomh, measfar nach sárú ar phlean forbartha é sa tréimhse idir teacht i ngníomh *d'alt 26* agus comhlíonadh mhíreanna (a)(vi) (a cuireadh isteach le *halt 26*) agus (b)(v) (a cuireadh isteach le *halt 26*) d'alt 19(2) d'Acht 1963.

Leasú ar alt 3  
d'Acht na dTithe  
(Forálacha  
Ilghnéitheacha),  
1979.

28.—Leasaítear leis seo alt 3 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1979, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2) (arna leasú le *halt 24 d'Acht 1988*):

“(2) Baineann an t-alt seo le comhlacht—

(a) a dhéanann ionadaíocht do chomhar-ghrúpaí nó comhar-chomhlachais nó do ghrúpaí nó comhlachais shaorálacha ar cuspóir dóibh—

(i) tithe a sholáthar, nó

(ii) láithreáin, de réir bhrí *alt 2 d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil)*, 1998, a sholáthar le haghaidh cóiríochta don lucht siúil,

[1998.] *Acht na dTithe (Cóiríocht don [Uimh. 33.]  
Lucht Siúil)*, 1998.

nó a chuireann foirmiú na ngrúpaí nó na Cd. III A.28  
gcomhlachas sin chun cinn, nó

(b) a chuireann faisnéis, comhairle nó oiliúint ar fáil nó a  
dhéanann taighde—

(i) i ndáil le tithe, nó

(ii) i ndáil le láithreáin, de réir bhrí *alt 2 d'Acht na  
dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil)*, 1998, le  
haghaidh cóiríochta don lucht siúil.”.

**29.**—Leasaítear leis seo alt 13 d'Acht 1988 tríd an alt seo a leanas Leasú ar alt 13  
d'Acht 1988.  
a chur in ionad alt 13:

“Láithreáin a  
sholáthar le  
haghaidh carbhán.

13.—(1) Tá feidhm ag an alt seo maidir le  
daoine a bhaineann leis an aicme sin daoine a  
chleachtann nó a chleacht saol fánaíochta ó  
thraidisiún.

(2) Féadfaidh údarás tithíochta láithreáin a  
sholáthar, a fheabhsú, a bhainistí agus a rialú le  
haghaidh carbhán a úsáideann daoine lena  
mbaineann an t-alt seo, lena n-áirítear láithreáin  
le saoráidí teoranta lena n-úsáid ag na daoine sin  
ar shlí seachas mar ghnáth-áit chónaithe dóibh nó  
go dtí go soláthrófar buanchóiríocht faoi chlár  
cóiríochta de réir bhrí *alt 7 d'Acht na dTithe  
(Cóiríocht don Lucht Siúil)*, 1998, agus féadfaidh  
an t-údarás aon oibreacha a dhéanamh atá  
teagmhasach don soláthar, don fheabhsú, don  
bhainistí nó don rialú sin, lena n-áirítear seirbhísí  
a sholáthar do na láithreáin sin.

(3) Beidh feidhm ag alt 56 (2) den Phríomh-  
Acht i dtaca le láithreáin a sholáthar faoin alt seo  
amhail mar atá feidhm aige i dtaca le teaghaisí a  
sholáthar faoin alt sin.

(4) Féadfaidh údarás tithíochta cibé muirir is  
oiriúnach leo a ghearradh i leith úsáid láithreáin  
a sholáthróidh siad faoin alt seo nó i leith úsáid  
aon seirbhíse nó saoráidí a sholáthrófar nó a  
chuirfear ar fáil i dtaca le láithreáin den sórt sin.

(5) Aon mhuirear a dhlitear a íoc le húdarás  
tithíochta faoi fho-alt (4) beidh sé inghnóthaithe  
acu mar fhiach conartha shimplí i gcúirt dlínse  
inniúla.

(6) Féadfaidh an tAire treoirlínte a eisiúint  
chun críche an ailt seo agus tabharfaidh údarás  
áitiúil aird ar aon treoirlínte den sórt sin.

(7) San alt seo—

ciallaíonn ‘carbhán’ aon déanmhas atá deartha nó  
oiriúnaithe mar áit chónaithe do dhaoine agus a  
fhéadfar a aistriú ó áit go háit, cibé acu trína  
tharraingt nó trína iompar ar fheithicil nó ar  
leantóir, agus folaíonn sé mótarfheithicil atá

[Uimh. 33.] *Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil)*, 1998.]

Cd. III A.29

deartha nó oiriúnaithe amhlaidh agus teaghais shoghluaiste, ach ní fholaíonn sé puball;

ciallaíonn ‘láithreáin le saoráidí teoranta’ láithreáin a bhfuil, ag féachaint do nádúr sealadach láithreán den sórt sin nó do ré ghearr na dtréimhsí úsáide, dóthain uisce iontu, dóthain saoráidí iontu chun dramhaíl sholadach agus leachtach a dhiúscairt agus limistéar lochta sách mór iontu, a bhfuil foréadan crua air, le haghaidh carbhán.”.

Leasú ar alt 15 d’Acht 1988.

**30.**—Leasaítear leis seo alt 15 d’Acht 1988 tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (c) i bhfo-alt (1):

“(c) an t-údarás do sholáthar carbhán nó do sholáthar, d’fheabhsú nó do bhainistí láithreán le haghaidh carbhán dá dtagraítear in alt 13 (arna leasú le *hAcht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil)*, 1998) do dhaoine lena mbaineann an t-alt sin;”.

Leasú ar alt 50 den Acht Rialtais Áitiúil, 1991.

**31.**—Leasaítear leis seo alt 50 den Acht Rialtais Áitiúil, 1991, tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b) i bhfo-alt (2):

“(b) sonraí maidir le gníomhaíochtaí an choiste chomhairligh áitiúil agus maidir leis na bearta a rinneadh chun a áirithiú go gcuirfí an clár cóiríochta i ngníomh don limistéar feidhme lena mbaineann faoi *Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil)*, 1998, le linn na tréimhse dá dtagraíonn an tuarascáil.”.

Leasú ar alt 10 d’Acht 1992.

**32.**—Leasaítear leis seo alt 10 d’Acht 1992—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Más rud é go ndéanfaidh duine, gan údarás dleathach, teaghais shealadach a thógáil, a shuíomh, a áitiú nó a choinneáil ar shlí eile in áit phoiblí agus, maidir leis an teaghais shealadach sin—

(a) go bhfuil sí faoi chúig mhíle timpeall ó aon láithreán arna sholáthar, arna bhainistí nó arna rialú ag údarás tithíochta faoi alt 13 d’Acht 1988 (arna leasú le *hAcht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil)*, 1998), nó ó aon láithreán arna sholáthar nó arna bhainistí faoi alt 6, agus go bhféadfaí, i dtuairim an údaráis tithíochta ar laistigh dá limistéar feidhme a rinneadh an teaghais shealadach sin a thógáil, a shuíomh, a áitiú nó a choinneáil ar shlí eile, slí iomchuí a thabhairt don teaghais shealadach lena mbaineann ar an láithreán sin, féadfaidh an t-údarás tithíochta fógra a sheirbheáil ar an duine sin á cheangal ar an duine sin, laistigh de thréimhse shonraithe, an teaghais shealadach a dúradh a aistriú chuig an láithreán a dúradh,

(b) i dtuairim an údaráis tithíochta lena mbaineann—

- (i) go bhfuil sí neamhoiriúnach mar áit chónaithe do dhaoine de dheasca easpa nó neamhdhóthanachta soláthair uisce, seirbhísí sláintíochta nó seirbhísí riachtanacha eile, nó Cd. III A.32
- (ii) gur dóigh di a bheith ina bac nó cur isteach ar úsáid taitneamhachtaí nó saoráidí poiblí nó príobháideacha nó ar chothabháil taitneamhachtaí nó saoráidí den sórt sin, nó
- (iii) gur dóigh di a bheith nó go bhfuil sí ina contúirt shuntasach do shláinte phearsanta nó do shláinte nó do shábháilteacht an phobail,

agus go bhféadfaí, i dtuairim an údaráis tithíochta ar laistigh dá limistéar feidhme a rinneadh an teaghais shealadach sin a thógáil, a shuíomh, a áitiú nó a choinneáil ar shlí eile, slí iomchuí a thabhairt don teaghais shealadach sin ar aon láithreán arna sholáthar, arna bhainistí nó arna rialú faoi alt 13 d'Acht 1988 (arna leasú le *hAcht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil)*, 1998), nó ar aon láithreán arna sholáthar nó arna bhainistí faoi alt 6, féadfaidh an t-údarás tithíochta fógra a sheirbheáil ar an duine sin á cheangal ar an duine sin, laistigh de thréimhse shonraithe, an teaghais shealadach sin a aistriú chuig an láithreán a dúradh,

- (c) go bhfuil sí faoi chúig mhíle timpeall ó aon láithreán arna sholáthar, arna bhainistí nó arna rialú ag údarás tithíochta faoi alt 13 d'Acht 1988 (arna leasú le *hAcht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil)*, 1998), nó ó aon chóiríocht eile don lucht siúil arna soláthar, arna bainistí nó arna rialú ag údarás tithíochta faoi *Achtanna na dTithe, 1966 go 1998*, nó ó aon chóiríocht tithíochta don lucht siúil arna soláthar nó arna bainistí faoi alt 6 agus gurb é tuairim an údaráis tithíochta ar laistigh dá limistéar feidhme a rinneadh an teaghais shealadach sin a thógáil, a shuíomh, a áitiú nó a choinneáil ar shlí eile, go bhfuil an teaghais shealadach sin, cibé acu toisc gur ceann é de líon teaghaisí sealadacha den sórt sin nó ar chúis eile—

- (i) ina núis nó ina bac d'áititheoirí an láithreáin sin nó na cóiríochta sin don lucht siúil nó d'áithitheoirí teaghaisí eile atá i gcomharsanacht an láithreáin sin nó na cóiríochta sin don lucht siúil, nó
- (ii) ina contúirt do cháilíocht an uisce nó do sheirbhísí sláintíochta nó leictreachais nó do sheirbhísí eile a ghabhann leis an láithreán sin nó leis an gcóiríocht sin don lucht siúil nó le teaghaisí eile atá i

gcomharsanacht an láithreáin sin nó na cóiríochta sin don lucht siúil,

féadfaidh an t-údarás tithíochta lena mbaineann fógra a sheirbheáil ar an duine sin á cheangal ar an duine sin, laistigh de thréimhse shonraithe, an teaghais shealadach a dúradh a aistriú,

ach i gcás gurb é atá sa láithreán a shonraítear i bhfógra faoi mhír (a) nó faoi mhír (b) láithreán arna sholáthar ag údarás tithíochta seachas an t-údarás tithíochta atá ag seirbheáil an fhógra sin nó ag comhlacht atá arna cheadú chun críocha alt 6, ní sheirbheálfar an fógra sin go dtí go mbeidh toiliú an údaráis tithíochta nó an chomhlachta lena mbaineann leis an tseirbheáil sin faighte.”,

(b) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (b) i bhfo-alt (2):

“(b) suíomh an láithreáin a gceanglaítear an teaghais shealadach a aistriú chuige, nó i gcás go ndéantar fógra a sheirbheáil faoi fho-alt (1)(c), go gceanglaítear an teaghais shealadach a aistriú fad míle ar a laghad ón láithreán sonraithe,”

agus

(c) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a) i bhfo-alt (5):

“(a) chuig an láithreán a bheidh sonraithe san fhógra nó, i gcás go ndéantar fógra a sheirbheáil faoi fho-alt (1)(c), chuig suíomh nach lú ná míle slí ón láithreán dá dtagraítear san fho-alt sin, nó”.

Leasú ar alt 34 d’Acht 1992.

**33.**—Leasaítear leis seo alt 34 d’Acht 1992 trí “18, 20 nó 20A” a chur in ionad “18 nó 20” i bhfo-alt (1).

Leasú ar alt 1 d’Acht 1997.

**34.**—Leasaítear leis seo alt 1 d’Acht 1997, i bhfo-alt (1)—

(a) trí “nó i láithreán nó i gcomharsanacht láithreáin” a chur isteach i ndiaidh “an teach suite” i mír (b) den mhíniú ar “iompar frithshóisialta”,

(b) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “iompar frithshóisialta”:

“tá le ‘carbhán’ an bhrí a shanntar dó le halt 13 d’Acht na dTithe, 1988 (arna leasú le *hAcht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil)*, 1998);”,

(c) trí “nó i láithreán” a chur isteach i ndiaidh “1997” i mír (b) den mhíniú ar “bainistí eastáit”,

(d) trí “nó de réir mar is cuí faoi alt 3A” a chur isteach i ndiaidh “le halt 3” sa mhíniú ar “freagróir”, agus

- (e) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an Cd. III A.34 mhínithe ar “freagróir”:

“ciallaíonn ‘láithreán’—

(a) láithreán a bhfuil feidhm ag alt 13 d’Acht na dTithe, 1988 (arna leasú le *hAcht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil)*, 1998) maidir leis, agus

(b) láithreán arna sholáthar nó arna bhainistí faoi alt 6 d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992;”, agus

“tá le ‘ordú eisiata ó láithreán’ an bhrí a shanntar dó le halt 3A;”.

35.—Leasaítear leis seo Acht 1997—

Leasú ar Acht 1997.

- (a) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 3:

“Orduithe eisiata ó láithreán.

3A.—(1) Féadfaidh duine atá údaraithe, lena n-áirítear duine atá comhúdaraithe, ag údarás tithíochta nó ag comhlacht ceadaithe, chun carbhán ar láithreán a áitiú (dá ngairtear ‘duine údaraithe’ san alt seo) iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Dúiche ar ordú eisiata ó láithreán i gcoinne duine eile (dá ngairtear an ‘freagróir’ san Acht seo) a gcreideann an duine údaraithe atá ag déanamh an iarratais go bhfuil sé nó sí ag gabháil d’iompar frithshóisialta.

(2) Féadfaidh údarás tithíochta nó comhlacht ceadaithe, maidir le láithreán arna sholáthar ag an údarás tithíochta nó ag an gcomhlacht ceadaithe faoi *Achtanna na dTithe, 1966 go 1998*, iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Dúiche ar ordú eisiata ó láithreán i gcoinne freagróra a gcreideann an t-údarás tithíochta nó an comhlacht ceadaithe go bhfuil sé nó sí ag gabháil d’iompar frithshóisialta agus más rud é—

- (a) go gcreideann an t-údarás tithíochta nó an comhlacht ceadaithe, tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an duine údaraithe lena mbaineann agus leis an mbord sláinte ar ina limistéar feidhme atá an láithreán suite, go bhféadfaidh go gcuirfí an duine údaraithe sin, nó go gcuirfí cosc air nó uirthi, trí fhoréigean, trí bhagairt nó trí eagla, ó dhul ar aghaidh le hiarratas ar ordú eisiata ó láithreán, agus

(b) gur dóigh leis an údarás tithíochta nó leis an gcomhlacht ceadaithe gur cuí sna himthosca go léir, ar mhaithe le dea-bhainistí eastáit, iarratas a dhéanamh ar ordú eisiata ó láithreán.

(3) Más rud é, tar éis iarratais faoin alt seo, go bhfuil an Chúirt Dúiche, nó an Chúirt Chuarda ar achomharc ón gCúirt Dúiche, den tuairim go bhfuil forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhfuil nó go raibh an freagróir ag gabháil d'iompar frithshóisialta, féadfaidh sí le hordú (dá ngairtear 'ordú eisiata ó láithreán' san Acht seo)—

(a) a ordú don fhreagróir, má tá cónaí air nó uirthi ag an láithreán a ndearnadh an t-iarratas ina leith, an láithreán sin a fhágáil, agus

(b) a thoirmeasc ar an bhfreagróir, don tréimhse a bhfuil an t-ordú i bhfeidhm lena linn, cibé acu atá cónaí ar an bhfreagróir ag an láithreán nó nach bhfuil, dul isteach ar an láithreán sin nó a bheith ina chomharsanacht nó dul isteach ar aon láithreán sonraithe eile nó a bheith ina chomharsanacht nó a bheith ar aon láithreán sonraithe nó ann nó ina chomharsanacht.

(4) Féadfar, le hordú eisiata ó láithreán, más oiriúnach leis an gcúirt é, a thoirmeasc ar an bhfreagróir a chur faoi deara nó féachaint lena chur faoi deara aon imeaglú, comhéigean, ciapadh, bac, bagairt nó cur isteach a dhéanamh ar an duine údaráithe dá dtagraítear i bhfo-alt (1) nó (2) nó ar áititheoir eile d'aon láithreán lena mbaineann.

(5) I gcás ordú eisiata ó láithreán a bheith déanta, féadfaidh an duine údaráithe lena mbaineann, i gcás gur faoi fho-alt (1) a rinneadh an t-iarratas, nó féadfaidh an t-údarás tithíochta nó an comhlacht ceadaithe, i gcás gur faoi fho-alt (2) a rinneadh an t-iarratas, nó féadfaidh an freagróir, iarratas a dhéanamh chun an t-ordú eisiata ó láithreán sin a athrú, agus déanfaidh an Chúirt Dúiche, nó an Chúirt Chuarda ar achomharc ón gCúirt Dúiche, ar iarratas den sórt sin ar athrú a éisteach, cibé ordú is dóigh léi is cuí sna himthosca.



(6) Faoi réir fho-alt (7) agus alt 9, Cd. III A.35 rachaidh ordú eisiata ó láithreán, cibé acu is í an Chúirt Dúiche, nó an Chúirt Chuarda ar achomharc ón gCúirt Dúiche, a rinne é, in éag 3 bliana tar éis dháta a dhéanta nó ar dhul in éag do cibé tréimhse is giorra ná sin a shonrófar san ordú.

(7) Ar éag nó roimh éag d'ordú eisiata ó láithreán lena mbaineann fo-alt (6), féadfaidh an Chúirt Dúiche, nó an Chúirt Chuarda ar achomharc ón gCúirt Dúiche, ordú eisiata eile ó láithreán a dhéanamh do thréimhse 3 bliana nó do cibé tréimhse is giorra ná sin a shonrófar san ordú agus beidh éifeacht leis an ordú ón dáta a rachaidh an chéad ordú eisiata ó láithreán a luadh in éag.

(8) Féadfar, le hordú eisiata ó láithreán faoin alt seo, más oiriúnach nó más cúí leis an gcúirt é—

(a) a cheangal ar an bhfreagróir, laistigh de thréimhse shonraithe, nó

(b) a cheadú don fhreagróir, ar cibé coinníollacha a shonróidh an chúirt,

aon charbhán ar an láithreán atá ar úinéireacht agus á áitiú ag an bhfreagróir a aistriú ón láithreán sin.

(9) Beidh feidhm ag ailt 4 go 12, fara aon mhodhnuithe is gá, maidir le hordú eisiata ó láithreán faoin alt seo agus chun na críche sin déanfar tagairtí sna hailt sin—

(a) do 'ordú eisiata' a fhorléiriú mar thagairtí a fholáíonn tagairt d'ordú eisiata ó láithreán, agus beidh éifeacht leo dá réir sin,

(b) do 'ordú eisiata eatramhach' a fhorléiriú mar thagairtí a fholáíonn tagairt d'ordú eisiata eatramhach ó láithreán, agus beidh éifeacht leo dá réir sin,

(c) do 'teach' nó do 'eastát tithíochta' a fhorléiriú mar thagairtí a fholáíonn tagairt do láithreán, agus beidh éifeacht leo dá réir sin, agus

(d) do 'tionónta' a fhorléiriú mar thagairtí a fholáíonn tagairt

do dhuine údaraithe a dhéanann iarratas faoi fho-alt (1) nó dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(a), agus beidh éifeacht leo dá réir sin.

(10) Beidh feidhm ag fo-ailt (4), (5) agus (8) maidir le hordú eisiata eatramhach ó láithreán mar atá feidhm acu maidir le hordú eisiata ó láithreán.

(11) San alt seo tá le ‘comhlacht ceadaithe’ an bhrí a shanntar dó le halt 13(2);’,

agus

(b) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 14:

“Údarú chun carbhán ar láithreán a áitiú.

14A.—D’ainneoin aon ní in *Achtanna na dTithe, 1966 go 1998*, féadfaidh údarás tithíochta diúltú duine a údarú chun carbhán ar láithreán a áitiú nó údarú den sórt sin a chur siar, más rud é—

(a) go measann an t-údarás tithíochta go bhfuil nó go raibh an duine sin ag gabháil d’iompar frithshóisialta nó nach mbeadh sé ag teacht le dea-bhainistí eastáit an duine sin a bheith ag áitiú carbháin ar an láithreán, nó

(b) go mainníonn an duine sin faisnéis a thabhairt, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le daoine atá nó a bheidh ina gcónaí leis an duine sin, a iarrann an t-údarás tithíochta agus is dóigh leis an údarás tithíochta is gá maidir leis an iarratas ar an údarú sin.”.

Leasuithe ilghnéitheacha ar Acht 1997.

36.—Leasaítear leis seo Acht 1997—

(a) in alt 10, trí “3A,” a chur isteach i bhfo-alt (1) i ndiaidh “alt 3,”,

(b) in alt 11, trí “3A,” a chur isteach i ndiaidh “alt 3,” agus

(c) in alt 21, trí “3A,” a chur isteach i ndiaidh “alt 3,”.